Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10759 – GIP / MERIDIAM / VEOLIA (HAZARDOUS WASTE BUSINESS))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 391/05)

1. An 23 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Infrastructure Management LLC ("GIP", na Stáit Aontaithe),

— Meridiam S.A.S., ("Meridiam", an Fhrainc),

— Suez S.A. ("Suez", an Fhrainc), comhfhiontar idir GIP agus Meridiam,

— Activité Déchets Dangereux de Veolia ("Activités Déchets Dangereux", an Fhrainc).

Gheobhaidh GIP agus Meridiam, trí Suez, rialú comhpháirteach ar Activités Déchets Dangereux ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús arb iad Activités Déchets Dangereux iad, tacar sócmhainní agus sealúchas in earnáil na dramhaíola tionsclaíche speisialta atá faoi réir oibleagáid um dheighilt vis-à-vis Veolia a áirítear sna gealltanais dífheistithe a áirítear i gCinneadh M.9969 — Veolia/Suez an 14 Nollaig 2021.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Maidir le GIP : bainisteoir cistí bonneagair neamhspleách a infheistíonn in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, na dramhaíola agus an uisce,

— Maidir le Meridiam : is gníomhaí domhanda é atá speisialaithe i bhforbairt, i maoiniú agus i mbainistiú fadtéarmach an bhonneagair, go háirithe in earnálacha (i) na soghluaisteachta, (ii) an aistrithe fuinnimh agus (iii) an bhonneagair chomhshaoil agus shóisialta,

— Maidir le Suez : tá sé gníomhach in earnáil an bhainistithe uisce agus na gnáthdhramhaíola agus na dramhaíola rialaithe agus an ghlanta uirbigh,

— Maidir le Activité Déchets Dangereux de Veolia : tá sé gníomhach ar na margaí chun dramhaíl ghuaiseach a adhlacadh, a loscadh agus chun cóireáil fhisiceimiceach a dhéanamh uirthi.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10759 – GIP / MERIDIAM / VEOLIA (HAZARDOUS WASTE BUSINESS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË